

# **museum**

National Museum of Ireland  
Ard-Mhúsaem na hÉireann

## **Choimeádaí Cúnta Grád II - Roinn Oideachais**

Tá iarratais á lorg ag Ard-Mhúsaem na hÉireann ó iarrthóirí oiriúnacha chun post mar Choimeádaí Cúnta Grád II - Roinn Oideachais, a líonadh sa **Roinn Oideachais d'Ard-Mhúsaem na hÉireann, Seandálaíocht, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2** Post buan lánaimseartha é seo.

### **Cur Síos Gonta ar an bPost:**

Is é ról shealbhóir an phoist oibriú leis an Oifigeach Oideachais & For-rochtana agus leis an bhFoireann Oideachais san Ard-Mhúsaem - Seandálaíocht, i dteannta le Foireann Oideachais ghinearálta an Mhúsaem maidir le cláir, acmhainní agus seirbhísí ag Ard-Mhúsaem na hÉireann -Seandálaíocht a dhearadh, a fhorbairt, a sheachadadh agus a mheas.

### **TREORACHA CHUN IARRATAS A DHÉANAMH**

Íoslódáil foirm iarratais agus doiciméid eile ó <https://www.museum.ie/en-IE/About/Careers/Vacancies>

Iarrtar ar iarratasóirí foirm iarratais a líonadh isteach agus CV suas chun dáta agus litir chlúdaigh a chur isteach leis. Caithfear gach ceist ar an bhfoirm iarratais a fhreagairt agus iad a chlósú. Ní ghlacfar le hiarratais lámhscríofa.

Iarraimid ort **gach ceann de na trí dhoiciméad a chomhcheangal agus a chur isteach i bhfoirm PDF amháin** Mura ndéantar, féachfar air mar iarratas neamhiomlán agus ní chuirfear san áireamh é.

Tosaigh an próiseas iarratais ar leathanach [Vacancies](#).

### **Céimeanna chun Iarratas a Dhéanamh:**

- Gabh chuig an leathanach Vacancies agus roghnaigh an post ar mian leat cur isteach air.
- Léigh sonraí iomlána an phoist sa Leabhrán Eolais.
- Feicfidh tú na doiciméid atá riachtanach do d'iarratas i bhfoirm nasc ar an leathanach seo.
- Clíceáil gach doiciméad agus osclóidh sé i bhfuinneog nua. Déan gach doiciméad a íoslódáil/a shábháil ar do ríomhaire/ar do ghléas.
- Líon isteach na doiciméid riachtanacha, agus déan PDF amháin de na doiciméid, do CV agus do litir chumhdaigh.
- Agus é sin déanta, fill ar shuíomh gréasáin an NMI agus críochnaigh an próiseas iarratais.
- Arís, ón leathanach [Vacancies](#) roghnaigh an post is mian leat cur isteach air.
- Clíceáil an cnaipe Apply Now

- Lión isteach an fhoirm
- Uaslódáil do PDF aonair ceangailte

Iarrtar ort **seoladh ríomhphoist bailí monatóirithe** a thabhairt ar an bhfoirm iarratais. Úsáidfean an seoladh chun fáil an iarratais a admháil leat agus mar an príomhfoirm teagmhála a bheidh againn le hiarratasóirí.

Ní mór d'iarratasóirí aird a thabhairt ar an dáta agus ar an am deiridh, a chuirfean i bhfeidhm gan eisceacht.

### **Spriocdháta na nIarratas**

**Ní mór iarratais a bheith faighte ar 17:00 tráthnóna  
Dé hAoine, 07 Bealtaine 2021**